# AN tAONTAS EORPACH

**PARLAIMINT NA hEORPA** **AN CHOMHAIRLE**

**An Bhruiséil, 10 Bealtaine 2007**
**(OR. en)**

**2005/0282 (COD)**

**PE-CONS 3602/1/07**
**REV 1 COR 1 (ga)**

**ENT 9**
**ENV 43**
**CODEC 65**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE: CEARTÚCHÁN**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí i dtaca le hastaíochtaí ó fheithiclí éadroma paisinéirí agus tráchtála (Euro 5 agus Euro 6) agus maidir le rochtain ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí |

Leathanach 27, Airteagal 10(1)

In ionad:

*"Airteagal 10*

*Cineálcheadú*

1. Ón dáta a dtiocfaidh an Rialachán seo, nó a bhearta cur chun feidhme, i bhfeidhm, cibé acu is déanaí, arna iarraidh sin ag déantóir, ní fhéadfaidh na húdaráis náisiúnta, ar fhorais a bhaineann le hastaíochtaí nó le hídiú breosla feithiclí, a dhiúltú cineálcheadú CE nó cineálcheadú náisiúnta a dheonú le haghaidh cineáil nua feithicle, ná clárú feithicle nua, a díol nó a cur i seirbhís a thoirmeasc i gcás ina gcomhlíonfaidh an fheithicil sin an Rialachán seo agus a bhearta cur chun feidhme, agus go háirithe luachanna teorantacha Euro 5 a leagtar amach i dTábla 1 d'Iarscríbhinn I nó luachanna teorantacha Euro 6 a leagtar amach i dTábla 2 d'Iarscríbhinn I."

Léitear:

*"Airteagal 10*

*Cineálcheadú*

1. **Le héifeacht ón…**[**], arna iarraidh sin ag déantóir, ní fhéadfaidh na húdaráis náisiúnta, ar fhorais a bhaineann le hastaíochtaí nó le hídiú breosla feithiclí, a dhiúltú cineálcheadú CE nó cineálcheadú náisiúnta a dheonú le haghaidh cineáil nua feithicle, ná clárú feithicle nua, a díol nó a cur i seirbhís a thoirmeasc i gcás ina gcomhlíonfaidh an fheithicil sin an Rialachán seo agus a bhearta cur chun feidhme, agus go háirithe luachanna teorantacha Euro 5 a leagtar amach i dTábla 1 d'Iarscríbhinn I nó luachanna teorantacha Euro 6 a leagtar amach i dTábla 2 d'Iarscríbhinn I."

[**] An dáta a dtiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm.